Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11789/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0233(NLE)**

**RECH 465**
**ERAC 7**
**PI 99**
**EDUC 290**
**COMPET 651**
**IND 314**
**MI 619**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 391 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 391 final.

Faoi iamh: COM(2022) 391 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.8.2022
COM(2022) 391 final

2022/0233 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

In 2008, d'eisigh an Coimisiún Moladh maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí i ndáil le faisnéis a mhalartú agus maidir le Cód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí eile um thaighde poiblí (C(2008)1329). Tá athrú mór tagtha ar thírdhreach an taighde agus na nuálaíochta (T&N) ó 2008 i leith ó thaobh gníomhaithe agus chastacht na n-éiceachóras T&N de, agus ó thaobh dúshláin dhomhanda de chomh maith. Léiríodh le paindéim COVID-19 freisin an géarghá atá leis an eolas T&N a chruthaítear san Aontas Eorpach (AE) a úsáid agus a luachshocrú. Éilítear leis sin ar lucht ceaptha beartas cuspóirí nua a leagan síos agus treoir nuashonraithe maidir le luachshocrú eolais a sholáthar.

Cuirfear na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais in ionad Mholadh 2008 ón gCoimisiún trí dhíriú ar luach na n-infheistíochtaí T&N a uasmhéadú thar an aistriú eolais traidisiúnta. Braitheann luachshocrú eolais ar bhealaí éagsúla[1] agus baineann sé leis na gníomhaithe uile san éiceachóras T&N agus lena sócmhainní eolais. Beidh na treoirphrionsabail ina gcuidiú freisin le bearnaí sa luachshocrú eolais ar fud na mBallstát a líonadh agus a áirithiú go mbeidh na saoránaigh sna Ballstáit uile ábalta leas níos fearr a bhaint as torthaí T&N.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 2020 dar teideal 'LET Nua don Taighde agus don Nuálaíocht'[2], leagtar síos an bonn maidir le treoirphrionsabail a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta maidir le luachshocrú eolais agus cód cleachtais le haghaidh úsáid chliste na maoine intleachtúla, faoi dheireadh 2022. Sa Mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir le 'Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip'[3], sainaithnítear luachshocrú eolais mar cheann de na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach chun tacú leis an limistéar Eorpach taighde (LET).

Leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde Amach Anseo' a glacadh an 26 Samhain 2021[4], formhuiníodh Clár Oibre Beartais LET do 2022-2024. Áirítear ar Chlár Oibre Beartais LET 'Treoir uasghrádaithe AE maidir le luachshocrú eolais níos fearr' mar Ghníomhaíocht LET 7. Is é an chéad toradh ar sin 'Treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais a fhorbairt agus a fhormhuiniú'.

Tacófar tuilleadh leis na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais le dhá Chód Cleachtais lena soláthrófar treoir níos mionsonraithe maidir le cur chun feidhme réimsí áirithe den luachshocrú do ghníomhaithe san éiceachóras T&N. Tuartar le Gníomh 7 LET *Cód cleachtais maidir le húsáid chliste na maoine intleachtúla</g> agus Cód cleachtais do thaighdeoirí maidir le caighdeánú*.

Déantar forbairt leis na treoirphrionsabail ar an gcomhchruthú a rinne foghrúpa Fhóram LET maidir le luachshocrú eolais arna bhunú ag grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe de chuid an Choimisiúin maidir le Fóram LET um Aistriú.

---

1 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, Bealaí agus uirlisí le haghaidh luachshocrú Taighde agus Nuálaíochta: aistriú eolais go réitigh nua inbhuanaithe a threisiú, Oifig na bhFoilseachán, 2020..

2 COM(2020) 628 final.

3 Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1.

4 Doiciméad 14308/21 ón gComhairle.

Leis an togra reatha le haghaidh Moladh ón gComhairle, beifear ábalta líne choiteann maidir le prionsabail bheartais agus bearta beartais a ghlacadh chun luachshocrú eolais san Aontas Eorpach a fheabhsú gan forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorchur.

Tacóidh na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais leis an Straitéis Eorpach nuashonraithe maidir le tionsclaíocht[5] agus le Plean Gníomhaíochta AE[6] um Maoin Intleachtúil, trí fheasacht an phobail taighde a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le bainistiú maoine intleachtúla, úsáid agus cur chun feidhme éifeachtach na maoine intleachtúla a chur chun cinn, agus a áirithiú go mbeidh sé níos éasca sócmhainní atá faoi chosaint maoine intleachtúla a rochtain agus comhroinnt. Tacóidh siad freisin le <tionscnaimh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus feabhsófar leo an nasc idir an taighde agus an caighdeánú i gcomhréir le Straitéis um Chaighdeánú AE[7]. I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht[8], cuideoidh na treoirphrionsabail freisin leis na tallanna éagsúla, na sócmhainní intleachtúla agus na cumais thionsclaíocha san Eoraip a threisiú. Cuideoidh siad freisin le luachshocrú eolais a fheabhsú in ollscoileanna agus díreofar iad ar scileanna cruthaitheacha agus fiontraíochta a thacaíonn leis an straitéis Eorpach d'ollscoileanna[9], leis an Limistéar Eorpach Oideachais (LEO)[10] agus leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht[11]. Ina theannta sin, tá na treoirphrionsabail ag cloí leis na conclúidí ón gComhairle maidir le measúnú Taighde agus cur chun feidhme na hEolaíochta Oscailte a glacadh an 10 Meitheamh 2022[12] ina dtugtar le fios gur cheart luachshocrú eolais a chuimsiú i dteacht chun cinn na gcóras measúnaithe taighde san Eoraip. Ar deireadh, neartófar leis na treoirphrionsabail cumas na gcóras T&N tacú le ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise, le riaracháin phoiblí[13] agus le rialáil níos fearr[14].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is iad Airteagal 182(5) agus Airteagal 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an tionscnamh seo. I gcomhréir le hAirteagal 292 CFAE, féadfaidh an Chomhairle moltaí a ghlacadh agus gníomhóidh sí ar thogra ón gCoimisiún sna cásanna uile ina sonraítear sna Conarthaí nach mór di gníomhartha a ghlacadh ar bonn togra ón gCoimisiún.

Le hAirteagal 182(5) cuirtear an deis ar fáil na gníomhaíochtaí atá beartaithe leis an gclár réime ilbhliantúil a chomhlíonadh, trína chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus i ndiaidh dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta is gá a bhunú chun LET a chur chun feidhme.

[5] COM(2020) 102 final agus COM(2021) 350 final.
[6] COM(2020) 760 final.
[7] COM(2022) 31 final.
[8] COM(2022) 332 final.
[9] COM(2022) 16 final.
[10] COM(2020) 625 final.
[11] COM(2020) 274 final.
[12] Doiciméad 10126/22 ón gComhairle.
[13] SWD(2021) 101 final.
[14] COM(2021) 219 final.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le hAirteagal 179 CFAE, beidh sé de chuspóir ag an Aontas Eorpach (AE) a bhunúis eolaíocha agus theicneolaíocha a neartú trí limistéar Eorpach taighde a bhaint amach ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus é a spreagadh le bheith níos iomaíche, lena n-áirítear ina chúrsaí tionscail, agus na gníomhaíochtaí taighde go léir a mheastar a bheith riachtanach de bhua Chaibidlí eile na gConarthaí á gcur chun cinn. Sonraítear in Airteagal 180 CFAE nach mór don Aontas Eorpach roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh lena gcomhlánaítear na gníomhaíochtaí a dhéantar sna Ballstáit. Áirítear leo sin comhar le gnóthais, lárionaid taighde agus ollscoileanna agus eatarthu a chur chun cinn, chomh maith le torthaí gníomhaíochtaí maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh AE a scaipeadh agus a barrfheabhsú

I gcomhréir le hAirteagal 181 CFAE, ní mór don AE agus do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche a chomhordú lena áirithiú go mbeidh beartais náisiúnta agus beartas AE comhsheasmhach lena chéile. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur chun cinn, go háirithe tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo treoirlínte agus táscairí a bhunú, malairtí dea-chleachtais a eagrú agus na gnéithe is gá a ullmhú le haghaidh faireachán agus meastóireacht thréimhsiúil. Ní mór Parlaimint na hEorpa a choinneáil go hiomlán ar an eolas.

Is é is cuspóir leis na treoirphrionsabal maidir le luachshocrú eolais comhlíne a ghlacadh maidir le prionsabail bheartais agus bearta beartais do lucht ceaptha beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun feabhas a chur ar luachshocrú eolais. Le cur chun feidhme na dtreoirphrionsabal áiritheofar go ndéanfar sonraí, torthaí taighde agus nuálaíocht a aistriú go héifeachtúil go táirgí, próisis, seirbhísí agus beartais inbhuanaithe lena mbaineann luach socheacnamaíoch agus a rachaidh chun tairbhe na sochaí. Tá an tionscnamh beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 179 agus le hAirteagal 181 CFAE, rud a thugann inniúlacht fhoriomlán don Aontas Eorpaigh chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát dá ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche, iad a chomhordú nó iad a fhorlíonadh. Trí bhéim a leagan ar mhúscailt feasachta, ar mhalartú dea-chleachtas agus ar phiarfhoghlaim faoi phríomhghnéithe an luachshocraithe eolais, leis an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle cuirfear feabhas ar chruthú luacha a thiocfaidh as torthaí T&N ar fud na mBallstát gan forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorchur.

Tá sé curtha in iúl freisin le comhairliúcháin na mBallstát (faoin bhFóram LET um Aistriú a bunaíodh mar ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe de chuid an Choimisiúin) agus na geallsealbhóirí go bhfuil gá le Moladh 2008 ón gCoimisiún maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais a thabhairt cothrom le dáta agus athrú cultúrtha a chur i gcrích, ag bogadh ar shiúl ó choincheap traidisiúnta an aistrithe eolais go dtí luachshocrú sócmhainní intleachtúla a chruthaítear trí réimse leathan gníomhaíochtaí T&N, a bhaineann le méid comhchruthaithe atá ag méadú arna ndéanamh ag cineálacha éagsúla gníomhaithe ar fud na n-éiceachóras T&N.

Le Moladh ón gComhairle cuirfear breisluach ar fáil i gceapadh beartas trí níos mó infheictheachta sna Ballstáit agus i leith geallsealbhóirí a thabhairt do na treoirphrionsabail. Éascófar leis sin glacadh an Aontais Eorpaigh maidir le seasamh chun luach socheacnamaíoch níos mó a fháil ó thorthaí taighde agus nuálaíochta.

- **Comhréireacht**

Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir leis na cuspóirí a bhfuiltear ag féachaint leo. Tacaíonn an togra le cuspóirí LET nua a bhaint amach. Comhlánaítear leis iarrachtaí na mBallstát maidir le luachshocrú eolais. Urramaítear leis an togra cleachtais na mBallstát agus éascaítear leis cur chuige caolchúiseach a thagann le cúinsí eacnamaíocha, airgeadais agus sóisialta éagsúla na mBallstát, chomh maith le héagsúlacht na gcóras taighde agus na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí lena mbaineann. Aithnítear leis freisin go bhféadfadh difríocht sa dóigh a gcuirfear an moladh atá beartaithe i bhfeidhm a bheith ina dtoradh ar dhálaí éagsúla náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla.

I gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann ábhar ná foirm an Mholta ón gComhairle atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach lena chuspóirí a bhaint amach. Níl na gealltanais a dhéanfaidh na Ballstáit ceangailteach, agus tá saorchead i gcónaí ag gach Ballstát an cur chuige a ghlacfaidh sé a chinneadh.

- **An rogha ionstraime**

Bhí an Moladh ón gCoimisiún 2008 maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais ina athrú suntasach do go leor táirgeoirí eolais a mhaoinítear go poiblí . Léiríodh i staidéar a foilsíodh in 2013[15] gurthug beagnach gach tír (92%) a raibh baint acu leis an staidéar le fios gur thacaigh rialtais náisiúnta agus réigiúnacha le cumas agus scileanna aistrithe eolais a fhorbairt in ollscoileanna agus in eagraíochtaí taighde phoiblí eile. Rinne roinnt Ballstát infheistíochtaí straitéiseacha i mbonneagair agus seirbhísí aistrithe eolais, amhail oifigí aistrithe teicneolaíochta agus idirghabhálaithe eile, agus chuir cuid díobh beartais a bhaineann go sonrach le maoin intleachtúil chun feidhme, amhail an Prótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil in Éirinn. In ainneoin na n-éachtaí sin, tá an tAontas Eorpach fós ag titim chun deiridh ar a chuid iomaitheoirí domhanda ó thaobh nuálaíochtaí a dhéanamh de smaointe atá bunaithe ar an eolaíocht[16], agus tá scaipeadh eolais fós neamhleanúnach laistigh den Aontas Eorpach[17]. Tá an t-éiceachóras ina bhfeidhmíonn gníomhaithe taighde agus nuálaíochta athraithe go mór mar gheall ar an Digitiú, an Eolaíocht Oscailte agus an Nuálaíocht Oscailte agus ní mór don Aontas Eorpach oiriúnú dá réir.

Aithníodh gur dhúshlán suntasach é feabhas a chur ar aistriú eolais agus ar luachshocrú eolais san Aontas Eorpach i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiún 2020 a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'LET nua dom Taighde agus don Nuálaíocht'[18]. Tá straitéis chuimsitheach Eorpach um luachshocrú de dhíth orainn ina soláthrófar treoir agus cuspóirí agus ina dtabharfar treoir maidir le bainistíocht caidrimh T&N chun comhoibrithe ar luachshocrú a spreagadh, lena n-áirítear comhairle maidir le bainistiú agus úsáid maoine intleachtúla. Is gá na héiceachórais T&N níos casta a chur san áireamh agus foireann níos leithne geallsealbhóirí agus gníomhaithe a bheith páirteach chun sreafaí eolais dinimiciúla a áirithiú.

---

15 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, Barjak, F., Perrett, P., Es-Sadki, N., et al. *Staidéar ar aistriú eolais 2010-2012 : tuarascáil deiridh*, Oifig na bhFoilseachán 2014.

16 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, Eolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh, 2020 : 11 mholadh le haghaidh Eoraip a bheidh cothrom, glas agus digiteach, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

17 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Tuarascáil um dhul chun cinn LET 2018 : an Limistéar Eorpach Taighde : Eoraip an taighde agus na nuálaíochta a chur chun cinn le chéile*, Oifig na bhFoilseachán, 2019.

18 SWD(2020) 214 final.

Glacadh na treoirphrionsabail roimhe seo ó 2008 mar Mholadh ón gCoimisiún. Moladh ón gComhairle is ea an ionstraim roghnaithe le haghaidh na dtreoirphrionsabal reatha de bharr an chomhthéacs pholaitiúil, go háirithe an gá atá le feabhas a chur ar chruthú luacha agus ar thionchair shochaíocha agus eacnamaíocha T&N a mhéadú mar a luaitear sa Mholadh ón gComhairle 'maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip '. Leis sin tabharfar mothú úinéireachta níos fearr ar na prionsabail do na Ballstáit, méadófar a n-infheictheacht agus spreagfar glacadh an Aontais Eorpaigh maidir le seasamh chun luach socheacnamaíoch níos mó a fháil ó thorthaí taighde agus nuálaíochta gan forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorchur.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí**

Bailíodh tuairimí na ngeallsealbhóirí roinnt uaireanta. Is toradh é an togra reatha ar phróiseas um chomhchruthú leis na Ballstáit i bhFóram LET um Aistriú (a bunaíodh mar ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe de chuid an Choimisiúin), go háirithe foghrúpa an Fhóraim maidir le luachshocrú eolais, a raibh an cúram sonrach air agus an saineolas is gá aige chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais a dhréachtú. Rinneadh suirbhé i ndáil le 'Treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais' a bhí dírithe ar Bhallstáit agus ar thíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2021 chun aiseolas a bhailiú ar staid na himeartha agus ar an tionchar maidir le Moladh 2008 ón gCoimisiún maidir le bainistiú maoiniú intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais. Rinneadh comhairliúchán poiblí ar na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2021 freisin chun tuairimí a fháil ó réimse leathan geallsealbhóirí[19].

Léirítear go soiléir le torthaí na gcomhairliúchán sin an gá atá le nuashonrú chun athrú cultúrtha a chothú, ag bogadh ar shiúl ó choincheap traidisiúnta an aistrithe eolais go dtí luachshocrú sócmhainní intleachtúla a chruthaítear trí réimse leathan gníomhaíochtaí T&N, a bhaineann le méid comhchruthaithe atá ag méadú arna ndéanamh ag cineálacha éagsúla gníomhaithe ar fud na n-éiceachóras T&N. I gcomparáid le Moladh 2008 ón gCoimisiún, ba cheart an treoir a leathnú ó ollscoileanna agus ó eagraíocht taighde phoiblí go dtí réimse níos leithne gníomhaithe, amhail taighdeoirí aonair, nuálaithe agus gnólachtaí de gach méid, riarachán poiblí agus an tsochaí shibhialta. Chun méadú a dhéanamh ar chomhchruthú agus ar chomhroinnt torthaí taighde ní mór breithniú go luath ar rialú agus ar úinéireacht maidir le gach cineál sócmhainne intleachtúla ag gach céim den phróiseas T&N.

Tugadh cuireadh do gheallsealbhóirí agus do bhrateagraíochtaí ábhartha a gcuid tuairimí a roinnt ag Cruinniú Geallsealbhóirí LET an 16 Márta 2022. Cuirtear na tuairimí sin san áireamh sa togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh ar an togra seo agus ní dhearnadh aon cheann. Mar sin féin, mar ghníomhaíocht a shainítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'LET Nua

19 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, Eerola, I., *Comhairliúchán le geallsealbhóirí ar na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais: tuarascáil ar na torthaí257*, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

don Taighde agus don Nuálaíocht', úsáidtear a lán den obair anailíseach agus den fhianaise ann a thacaíonn leis an Limistéar Eorpach Taighde nua (Doiciméad Inmheánach Oibre 2020 de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'LET nua don Taighde agus don Nuálaíocht'). Is é an tátal a bhaintear as go bhfuil go leor straitéisí, ionstraimí agus beart forbartha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, ag gníomhaithe príobháideacha agus poiblí, chun aistriú agus luachshocrú eolais a fheabhsú. Mar sin féin, le haghaidh beartas luachshocraithe eolais níos éifeachtaí ní mór bogadh i dtreo cur chuige níos iomlánaí d'fhonn luach a chruthú ón eolas agus réitigh inbhuanaithe lena mbaineann luach eacnamaíoch agus tairbhe don tsochaí a dhéanamh de thorthaí T&N.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. GNÉITHE EILE

Beidh an togra reatha ina chuid den phlean gníomhaíochta LET faoi réir an tsásra faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe iomchuí a leagtar amach ann.

2022/0233 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad abairt agus an dara habairt d'Airteagal 292,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 10 Aibreán 2008, ghlac an Coimisiún Moladh maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí i ndáil le faisnéis a mhalartú agus maidir le Cód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí eile um thaighde poiblí[20]. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an Moladh agus roimh an gCód Cleachtais agus thacaigh sí leo ina Rún an 30 Bealtaine 2008[21]. Leis an Moladh agus leis an gCód Cleachtais le chéile spreagadh go leor táirgeoirí eolais a mhaoinítear go poiblí. Rinne roinnt Ballstát infheistíochtaí straitéiseacha i mbonneagair agus i seirbhísí aistrithe eolais amhail oifigí aistrithe teicneolaíochta agus idirghabhálaithe eile; agus chuir cuid díobh beartais a bhaineann go sonrach le maoin intleachtúil chun feidhme, amhail an Prótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil in Éirinn. Forbraíodh tuilleadh gníomhaíochtaí lena gcuirtear aistriú eolais chun cinn ar leibhéal AE mar chuid den Aontas Nuálaíochta (2010)[22].

(2) Meastar sna Conclúidí ón gComhairle maidir le scaipeadh eolais a Luathú san Aontas Eorpach, arna nglacadh an 29 Bealtaine 2018[23], gur gá don Aontas Eorpach lánúsáid a bhaint as an eolas eolaíoch agus teicneolaíoch ábhartha a sholáthraíonn sé agus a áirithiú go n-aistreofar torthaí tionscadal T&N ar bhealach níos éifeachtaí chuig an tsochaí agus chuig an tionscal chun an tionchar is fearr agus is féidir a bhaint as an infheistíocht in T&N. Iarrtar leis freisin ar na Ballstáit na dea-chleachtais maidir le haistriú eolais a scrúdú agus a chomhroinnt, agus iarrtar ar an gCoimisiún straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le torthaí a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm go praiticiúil chun infhaighteacht agus úsáid torthaí tionscadal T&N a mhéadú tuilleadh agus chun dlús a chur lena nglacadh féideartha.

(3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'LET Nua don Taighde agus don Nuálaíocht', a glacadh an 30 Meán Fómhair 2020[24], áirítear éiceachórais nuálaíochta a neartú maidir le scaipeadh agus luachshocrú eolais mar cheann de phríomhchuspóirí an LET nua

20 C(2008) 1329.

21 Rún ón gComhairle maidir le bainistiú maoin intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais agus maidir le Cód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí taighde phoiblí eile, 10323/08.

22 COM(2010) 546 final.

23 Doiciméad 9507/18 ón gComhairle.

24 COM(2020) 628 final.

agus gníomh 'chun maidir le luachshocrú eolais agus cód cleachtais a nuashonrú agus a fhorbairt maidir le húsáid chliste maoine intleachtúla'.

(4) I Straitéis Eorpach Nua nuashonraithe maidir le tionsclaíocht 2021[25] leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le bainistiú maoine intleachtúla, go háirithe feasacht an phobail taighde ar mhaoin intleachtúil a mhúscailt, agus fógraíodh léi straitéis maidir le caighdeánú chun tacú le seasamh níos ceannasaí maidir le leasanna an Aontais Eorpaigh. I measc phríomhthosaíochtaí Phlean Gníomhaíochta AE[26] um Maoin Intleachtúil tá 'úsáid agus cur chun feidhme éifeachtach na maoine intleachtúla a chur chun cinn' agus 'a áirithiú go mbeidh sé níos éasca sócmhainní atá faoi chosaint maoine intleachtúla a rochtain agus comhroinn'.

(5) Leagtar béim i Straitéis AE um Chaighdeánú[27] ar an tábhacht a bhaineann le feasacht straitéiseach maidir le caighdeánú a ardú i measc taighdeoirí agus an pobal taighde agus nuálaíochta a mhealladh go luath sa chaighdeánú, mar bhealach chun saineolas agus scileanna ábhartha a fhorbairt. Luaitear sa straitéis freisin go bhforbróidh an Coimisiún Cód Cleachtais do thaighdeoirí faoi lár 2022 maidir le caighdeánú chun an nasc idir caighdeánú agus T&N a neartú.

(6) Cuireadh fáilte sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 'Limistéar Eorpach Taighde Nua', a glacadh an 1 Nollaig 2020[28], roimh an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Mholadh 2008 maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais agus maidir leis an gCód Cleachtais i gcomhréir leis an Straitéis Nua Eorpach maidir le Tionsclaíocht.

(7) Leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an an 26 Samhain 2021[29], sainaithnítear an luachshocrú eolais mar cheann de na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach chun tacú le LET. Aithnítear leis an gComhshocrú freisin cruthú luacha agus tionchar sochaíoch agus eacnamaíoch mar chuid de shraith choiteann luachanna agus prionsabal le haghaidh T&N san Aontas ar cheart do na Ballstáit iad a chur san áireamh agus a gcórais T&N á bhforbairt acu.

(8) Cuimsítear i gClár Oibre Beartais LET do 2022-2024 atá i gceangal leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde amach anseo' 26 Samhain 2021[30] gníomh chun 'Treoir AE maidir le luachshocrú eolais níos fearr a uasghrádú'. Is é an chéad toradh a bheidh ar sin 'Treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais a fhorbairt agus a fhormhuiniú'. Áirítear leis an ngníomhaíocht freisin Cód Cleachtais a fhorbairt maidir le húsáid chliste maoine intleachtúla agus Cód Cleachtais do thaighdeoirí maidir le caighdeánú chun treoir níos mionsonraithe a sholáthar faoi conas gnéithe áirithe de luachshocrú eolais a chur chun feidhme.

(9) Modh caighdeánach[31] an eolaíocht oscailte chun oibriú faoi chreatchláir AE um thaighde agus um nuálaíocht agus is réimse tosaíochta eile é le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach i gClár Oibre Beartais LET do 2022-2024. Leis an Moladh ón

[25] COM(2020) 102 final agus COM(2021) 350 final.
[26] COM(2020) 760 final.
[27] COM(2022) 31 final.
[28] Doiciméad 13567/20 ón gComhairle.
[29] Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1.
[30] Doiciméad 14308/21 ón gComhairle.
[31] Ciallaíonn eolaíocht oscailte cur chuige i leith an phróisis eolaíoch bunaithe ar obair, uirlisí agus scaipeadh eolais ar bhonn oscailte agus comhoibríoch, mar a shainítear i Rialachán (AE) 2021/695, IO L 170, 12.5.2021, lch. 15.

gCoimisiún 'maidir le rochtain ar fhaisnéis eolaíoch agus lena caomhnú'[32], spreagtar na Ballstáit chun beartais náisiúnta a leagan amach agus a chur chun feidhme maidir le foilseacháin eolaíochta a scaipeadh agus rochtain oscailte orthu agus maidir le sonraí taighde a bhainistiú, go háirithe tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte. I dtuarascáil dheiridh an ardáin beartais le haghaidh Eolaíocht Oscailte liostaítear an fheasacht ar luach maoine intleachtúla agus ar[33] bhainistiú sócmhainní maoine intleachtúla i measc na ngnéithe nach mór iad a chur san áireamh i gcóras comhroinnte taighde don nuálaíocht. Sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht ar thaighde agus maidir leis an eolaíocht oscailte a chur chun feidhme a glacadh an 10 Meitheamh 2022[34] tugtar le fios gur cheart luachshocrú eolais a chuimsiú i dteacht chun cinn na gcóras measúnaithe taighde san Eoraip.

(10) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Straitéis Eorpach maidir le Sonraí' a glacadh an 19 Feabhra 2020[35], spreagtar daoine chun an deis atá á soláthar le sonraí ar mhaithe leis an leas sóisialta agus eacnamaíoch a thapú agus gur cheart an acmhainn sin a chur ag obair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine aonair agus, ar an dóigh sin, luach a chruthú don gheilleagar agus don tsochaí. Soláthrófar buntáistí ollmhóra leis an nuálaíocht sonraíbhunaithe do shaoránaigh, mar shampla trí chógais phearsantaithe fheabhsaithe, soghluaisteacht nua, agus tríd an méid a chuirfidh sí leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

(11) An Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Rialáil níos fearr: Teacht le chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh glacadh an 29 Aibreán 2021[36], léirítear go bhfuil fianaise eolaíoch ar cheann de bhunchlocha na rialála níos fearr, go bhfuil sí ríthábhachtach chun cur síos cruinn a dhéanamh ar an bhfadhb, gur fíorthuiscint í ar chúisíocht agus dá bhrí gur loighic idirghabhála í agus chun tionchar a mheas. Ní féidir taighde ardchaighdeáin a dhéanamh thar oíche, mar sin ní mór a áirithiú go bhfuil fianaise ábhartha ar fáil nuair is gá chun riachtanais na fianaise a réamh-mheas agus a chomhordú ar bhealach níos fearr. Ciallaíonn sé freisin an pobal taighde a shlógadh agus a mhealladh ar bhealach níos fearr sa phróiseas rialála.

(12) Tá cothú scileanna trasnaí amhail fiontraíocht, cruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirtíocht shibhialta i measc chuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiúin 'maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025'[37], 'an straitéis Eorpach d'ollscoileanna'[38] agus 'an Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht'[39]. Le creat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais cuirtear comhoibriú agus piarfhoghlaim idir na Ballstáit agus príomh-gheallsealbhóirí chun cinn, e.g. i bhfoirm grúpaí oibre.

(13) Tá athrú as cuimse tagtha ar an éiceachóras taighde agus nuálaíochta ó bhí Moladh 2008 ón gCoimisiún ann maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí

---

[32] Moladh (AE) 2018/790 ón gCoimisiún, IO L 134, 31.5.2018, lch. 12.

[33] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Dul chun cinn ar an eolaíocht oscailte : i dtreo córas comhroinnte um eolas taighde* :tuarascáil deiridh an ardáin beartais le haghaidh eolaíocht oscailte, Lawrence, R.(eagarthóir), Oifig na bhFoilseachán, 2020.

[34] Doiciméad 10126/22 ón gComhairle.

[35] COM(2020) 66 final.

[36] COM(2021) 219 final.

[37] COM(2020) 625 final.

[38] COM(2022) 16 final.

[39] COM(2020) 274 final.

aistrithe eolais. Teastaíonn nuashonrú, chun díriú ar na sócmhainní eolais go léir a chruthaíonn cineálacha éagsúla gníomhaithe a luachshocrú in éiceachóras dinimiciúil taighde agus nuálaíochta. Ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, amhail luachshlabhraí eolais atá ag éirí níos casta i gcónaí, deiseanna nua margaidh arna gcruthú le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, cineálacha nua comhoibrithe idir an lucht tionscail agus an lucht acadúil agus idir an earnáil phoiblí agus an lucht tionscail agus rannpháirtíocht na saoránach, chomh maith le cómhalartacht i mbainistiú sócmhainní intleachtúla i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta T&N.

(14) Ba cheart éagsúlacht na mbealaí agus na n-uirlisí[40] luachshocraithe eolais a léiriú chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht, ar nuálaíocht shóisialta agus bheartais agus chun comhoibrithe ildisciplíneacha a spreagadh a théann níos faide ná réimsí teicneolaíochta a bhaineann le disciplíní amhail na heolaíochtaí sóisialta, na daonnachtaí agus na healaíona, e.g. féachaint ar na hidirnaisc idir beartais shóisialta agus beartais chomhshaoil nó idir beartais eacnamaíocha agus chomhshaoil.

(15) Is é is aidhm leis na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais líne choiteann a ghlacadh maidir le bhearta agus tionscnaimh bheartais chun luachshocrú eolais san Aontas Eorpach a fheabhsú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## TREOIRPHRIONSABAIL MAIDIR LE LUACHSHOCRÚ EOLAIS

### COMHTHÉACS AGUS RAON FEIDHME

In 2008, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Moladh maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais agus maidir le Cód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí taighde phoiblí eile. Bhí an moladh dírithe go príomha ar eagraíochtaí taighde phoiblí[41].

Is éard is luachshocrú eolais ann an próiseas chun luach sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú ó eolas trí réimsí agus earnálacha éagsúla a nascadh lena chéile agus torthaí na sonraí agus an taighde a aistriú go táirgí agus réitigh inbhuanaithe a théann chun tairbhe don tsochaí maidir le rathúnas eacnamaíoch, tairbhí comhshaoil, dul chun cinn agus ceapadh beartais níos fearr. Trí dhíriú ar luachshocrú eolais, is gá raon feidhme Mholadh 2008 a leathnú, chun éiceachóras iomlán T&N agus a ghníomhaithe a chuimsiú.

Is éard is luachshocrú eolais ann aistriú paraidíme lena dtugtar isteach gnéithe nua lena gcruthófar luach sócmhainní taighde agus nuálaíochta agus eolais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear eolas intuigthe[42]. Beidh tairbhí don cheapadh beartas

[40] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Bealaí agus uirlisí luachshocraithe Taighde agus Nuálaíochta : aistriú eolais go réitigh nua inbhuanaithe a threisiú*, Oifig na bhFoilseachán, 2020..

[41] Cuimsítear sa téarma "eagraíocht taighde phoiblí" saineagraíochtaí taighde teicneolaíochta agus institiúidí ardoideachais araon a ghabhann do thaighde agus do ghníomhaíochtaí forbartha agus oiliúna taighde (TFO) le tacaíocht chistiúcháin shuntasach ó fhoinsí poiblí agus ó fhoinsí samhailphoiblí (e.g. eagraíochtaí carthanachta agus seachbhrabúsacha, https://ec.europa.eu/invest-in-research/pdf/download_en/metcalfe_report5.pdf.

[42] Is éard is eolas intuigthe ann ná aon eolas nach féidir a chódú agus a tharchur mar fhaisnéis trí dhoiciméadú, páipéir acadúla, léachtaí, comhdhálacha nó bealaí cumarsáide eile. Aistrítear eolas den sórt sin ar bhealach níos éifeachtaí i measc daoine aonair a bhfuil comhthéacs sóisialta agus gaireacht

mar thoradh ar luachshocrú eolais chomh maith le bealaí nua chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thaighde agus ar nuálaíocht trí tháscairí agus uirlisí tomhais a fhorbairt. Beidh tionchar aige ar mhaoiniú taighde agus nuálaíochta agus cuirfidh sé luach le heolaíocht agus le taighde agus lena dtorthaí. Maidir leis an luachshocrú eolais, teastaíonn rannpháirtíocht na ngníomhaithe san éiceachóras T&N agus na n-úsáideoirí/na dtairbhithe eolais agus nuálaíochta, agus béim ar leith á leagan ar úsáid agus ar athúsáid an eolais chun leasa na sochaí. Mar sin, is coincheap é atá níos leithne ná scaipeadh a bhaineann le heolas agus torthaí a chur in iúl agus a dhéanamh inrochtana.

Tá bainistiú sócmhainní intleachtúla ríthábhachtach le haghaidh luachshocrú eolais éifeachtach. Clúdaítear i sócmhainní intleachtúla aon toradh nó táirgí a chruthaítear le haon ghníomhaíochtaí T&N (e.g. paitinní, cóipchearta, trádmharcanna, foilseacháin, sonraí, saineolais, fréamhshamhlacha, próisis, cleachtais, teicneolaíochtaí, aireagáin, bogearraí etc.)[43]. Trí dhíriú ar cheart maoine intleachtúla a bhainistiú agus a chosaint cuirtear teorainn le cruthú luacha. Chun luach iomlán na sócmhainní intleachtúla a chruthaítear le gníomhaíochtaí T&N a threisiú ní mór d'eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí T&N sócmhainní intleachtúla a bhainistiú sa chiall is leithne, na cinn ar féidir iad a chosaint go dlíthiúil (paitinní, cóipchearta, trádmharcanna etc.) agus sócmhainní intleachtúla eile a d'fhéadfaí a úsáid i ngníomhaíochtaí luachshocraithe. Éilítear leis sin straitéisí bainistíochta a fhorbairt agus scileanna sonracha agus trasnaí a chur chun cinn chun luach iomlán na sócmhainní intleachtúla a chruthaítear a threisiú.

Tacaíonn oscailteacht, mar phrionsabal, le cruthú luacha[44] agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar uirlisí bainistíochta sócmhainní intleachtúla a úsáid go mbainfí úsáid níos fearr as torthaí, go gcuirfí méid dearfach leis an nuálaíocht agus go méadófaí breisluach iomlán na dtorthaí eolaíocha[45]. Leis an bprionsabal 'a oscailte is féidir, a iata is gá' tá sé tábhachtach a aithint go mbaintear úsáid agus leas san Eolaíocht Oscailte agus Nuálaíocht Oscailte[46] as na huirlisí le haghaidh bainistiú sócmhainní intleachtúla. Le úsáid chiallmhar as na torthaí taighde chun tairbhí socheacnamaíocha a chruthú cuirfear le luach agus tábhacht fhoriomlán an taighde eolaíoch don tsochaí.

Is compháirteanna riachtanacha de thionscnaimh rathúla um luachshocrú eolais iad cleachtais, próisis agus scileanna fiontraíochta agus na cinn lena n-éascaítear rannpháirtíocht le saoránaigh, leis an tsochaí shibhialta agus le lucht ceaptha beartas. Chun luach nuálach a dhéanamh d'eolas, beag beann aran mbaineann sé le nuálaíochtaí incriminteacha nó suaiteacha, ceapadh beartais bunaithe ar fhianaise, nó folláine saoránach, teastaíonn dearcthaí nó cultúir rannpháirtíochta réamhghníomhacha/fhiontraíochta nó chomh-chruthaitheacha/thrasearnála mar aon le hiarrachtaí fiontraíochta ag roinnt céimeanna nó ag

---

fhisiceach choiteann acu, mar a mhínítear i dTuarascáil ECFE *Global Competition for Talent: Mobility of the Highly Skilled*, lch.9 den achoimre feidhmiúcháin.

43 D'fhéadfadh torthaí agus táirgí gníomhaíochtaí teagaisc a bheith i gceist le sócmhainní intleachtúla freisin, i gcás inarb ábhartha.

44 ECFE, *Making Open Science a Reality*, Páipéir Bheartas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Tionscail ECFE, Uimh. 25, Foilsitheoireacht OECD, Páras, 2015.

45 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Eolaíocht oscailte agus cearta maoine intleachtúla : Conas is féidir leo idirghníomhú ar bhealach níos fearr? : úrscothacht agus macnaimh : achoimre feidhmiúcháin*, 2022.

46 Is é bunphrionsabal na Nuálaíochta Oscailte an próiseas nuálaíochta a chur ar fáil do gach gníomhaí gníomhach ionas gur féidir eolas a scaipeadh ar bhealach níos éasca agus a aistriú go táirgí agus go seirbhísí lena gcruthaítear margaí nua, lena gcothaítear cultúr fiontraíochta níos láidre, An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Nuálaíocht oscailte, eolaíocht oscailte, atá oscailte don domhan :*fís don Eoraip, *Oifig na bhFoilseachán, 2016, lch.13.*

gach céim den phróiseas luachshocraithe. Ar an dóigh sin, d'fhéadfadh an próiseas luachshocraithe coigeartuithe sna córais oideachais a spreagadh ionas go bhfreastalóidís ar bhealach níos fearr ar na scileanna, na hinniúlachtaí agus na dearcthaí a mbeadh cruthaitheacht níos airde agus cruthú luacha shochaíoch níos airde mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, tá forbairt agus úsáid cur chuige fiontraíochta agus rannpháirtíochta/comhoibrithe ríthábhachtach chun go mbeidh luachshocrú éifeachtach.

Is fionnachtain bunaithe ar thurgnaimh[47] iad próisis agus modhanna fiontraíochta, gníomhartha comhchruthaithe a chuimsíonn boird eagraíochtúla agus lena mbaineann go leor inniúlachtaí comhlántacha. Éilítear le próisis agus modhanna den sórt sin na scileanna agus na cumais fiontraíochta sóisialta is gá chun iarmhairtí eolais shóisialta thar thráchtálú a éascú. Trí úsáid a bhaint as líonraí, uirlisí agus ionstraimí comhordaithe modha oscailte ó chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO), spreagfar luachshocrú eolais agus forbairt scileanna gaolmhara.

Ba cheart, dá bhrí sin, go gcumhdófaí sna treoirphrionsabail forbairt, úsáid agus bainistiú cleachtas, próiseas agus scileanna fiontraíochta ar gach leibhéal den tsochaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí a bhfuil baint acu le luachshocrú eolais. Éilítear leis an raon feidhme nua sin ar lucht ceaptha beartas a gcuspóirí beartais a ailíniú dá réir agus cuir chuige nua atá riachtanach le haghaidh luachshocrú eolais a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm leis na treoirphrionsabail sin cuidiú le lucht ceaptha beartas sna Ballstáit é sin a dhéanamh.

Dá bhrí sin, baineann na treoirphrionsabail sa Mholadh seo le tionscnaimh bheartais a dhírítear ar gach catagóir gníomhaithe éiceachórais a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí T&N, amhail:

- an saol acadúil, ollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus eagraíochtaí taighde phoiblí eile, chomh maith le hacadaimh agus cumainn léinn
- eagraíochtaí na sochaí sibhialta, saoránaigh agus eagraíochtaí neamhrialtasacha
- infheisteoirí príobháideacha, eagraíochtaí um maoiniú agus infheistíocht, lena n-áirítear fondúireachtaí agus carthanais
- daoine aonair, e.g. nuálaithe, taighdeoirí, eolaithe agus mic léinn
- an tionscal lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gnólachtaí nuathionscanta, seach-chuideachtaí, gnólachtaí atá ag méadú agus fiontair shóisialta
- idirghabhálaithe (e.g. gairmithe aistrithe eolais agus teicneolaíochta, gorlanna, páirceanna eolaíochta, moil nuálaíochta réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha, saineolaithe maoine intleachtúla, sainchomhairleoirí agus gairmithe tacaíochta nuálaíochta, foirne cumarsáide eolaíochta agus rannpháirtíochta beartais, eolas d'eagraíochtaí comhairle beartais / eolaíochta, gairmithe rannpháirtíochta saoránach etc.)

---

47 Anseo breathnaítear ar an bpróiseas fiontraíochta mar mhodh a dhíríonn ar fhionnachtain chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna a bhaineann leis an margadh agus leis an tsochaí leas a bhaint as sócmhainní intleachtúla agus iad a fhorbairt ina luachanna nuálacha agus úsáideacha (nuálaíochtaí) ar bhonn turgnamhach le haghaidh foireann áirithe geallsealbhóirí.

- údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lucht ceaptha beartas agus soláthraithe seirbhíse poiblí agus príobháideacha (e.g. ospidéil, soláthraithe iompair phoiblí agus fuinnimh)
- eagraíochtaí taighde phríobháidigh
- bonneagair taighde agus nuálaíochta agus saoráidí píolótacha úrscothacha
- comhlachtaí um chaighdeánú.

Ceapadh na treoirphrionsabail thíos ionas go mbeidh siad infheidhmithe maidir leis na catagóirí uile thuas nó maidir le formhór acu. Ní mór cur chun feidhme na bprionsabal a oiriúnú do na spriocghníomhaithe, áfach, trídhoiciméid an Chóid Cleachtais atá le comhchruthú le geallsealbhóirí. D'fhéadfadh gach Cód Cleachtais a bheith téamach (i.e. maidir le sócmhainní intleachtúla, comhoibriú idir an earnáil acadúil agus an lucht tionscai nó comhoibriú idir an earnáil acadúil agus earnáil phoiblí) nó d'fhéadfadh siad díriú níos mó ar dhuine amháin nó níos mó de na gníomhaithe thuas (e.g. gairmithe aistrithe eolais, gnólachtaí nuathionscanta nó cuideachtaí de gach méid). Rachaidh malartuithe le Pobal na hInstitiúid Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) chun tairbhe na gCód Cleachtais.

### TREOIRPHRIONSABAIL

Beidh na treoirphrionsabail seo neamhcheangailteach. Ciallaíonn sé sin gur cheart go n-urramófaí le cur i bhfeidhm na dtreoirphrionsabal an reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta agus dlí an Aontais Eorpaigh (lena n-áirítear rialacha maidir le Státchabhair) agus gur cheart iad a chuimsiú sna hiarrachtaí atá á ndéanamh chun go dtacóidh creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh le luachshocrú eolais. Ní mór na treoirphrionsabail uile a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm an úsáid[48] shochaíoch is leithne agus is féidir a bhaint astu, lena n-áirítear cur leis an tsochaí inbhuanaithe i gcomhréir le treoirlínte AE chun dul i ngleic le cur isteach eachtrach T&N[49].

Is próiseas casta é luachshocrú eolais óna dteastaíonn acmhainní suntasacha lena áirithiú go ndéanfar an réimse scileanna agus cumais inscálaithe is gá a fhorbairt agus a choinneáil san Aontas Eorpach. Ba cheart infheistíocht leanúnach agus mhéadaithe a dhéanamh i bhforbairt gairmithe agus éascaitheoirí aistrithe eolais agus bróicéireachta a ghníomhaíonn mar idirghabhálaithe idir gníomhaithe ábhartha taighde agus nuálaíochta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, FBManna a spreagadh trí éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha láidre atá bunaithe in ollscoileanna, chomh maith le réamhghníomhaíocht a spreagadh i ngnólachtaí nuathionscanta, i ngnólachtaí atá ag méadú agus i gcuideachtaí de gach méid agus a chur ina luí ar chomhpháirtithe tionsclaíocha a bheith oscailte do rioscaí a ghlacadh.

Ba cheart do na Ballstáit, do lucht ceaptha beartas agus do ghníomhaithe ábhartha eile an méid seo a leanas a dhéanamh sna réimsí seo a leanas.

***Luachshocrú eolais i mbeartas taighde agus nuálaíochta***

---

48 Nuair is féidir, agus ag brath ar an gcomhthéacs, ba cheart riachtanais na sochaí agus na tairbhí don tsochaí, seachas spreagthaí brabúis traidisiúnta, a chuimsiú i ngníomhaíochtaí luachshocruithe. Sampla amháin is ea ceadúnú atá freagrach go sóisialta, i gcás nach mór a áirithiú le ceadúnú sócmhainní intleachtúla nach mbainfidh socrú praghsanna na dtáirgí agus na seirbhísí deiridh an bonn d'inrochtaineacht.

49 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, Ag dul i ngleic le cur isteach eachtrach T&N :doiciméad inmheánach oibre, 2022.

- A áirithiú go bhfuil struchtúir thacaíochta náisiúnta i bhfeidhm chun cuidiú le heagraíochtaí eolas a fháil faoi raon feidhme an mholta seo maidir le luachshocrú eolais, measúnú a dhéanamh ar a impleachtaí dóibh, acmhainní airgeadais agus neamhairgeadais a úsáid chun é a chur i ngníomh agus na straitéisí agus na cleachtais riachtanacha a fhorbairt chun é a chur chun feidhme agus a phoibliú.
- A áirithiú go ndéanfar beartais agus cleachtais um chruthú luacha a shainiú, a chur chun feidhme agus a phoibliú ar leibhéal na heagraíochta.
- A áirithiú go gcuirfear san áireamh i ggníomhaíochtaí T&N arna maoiniú ag an rialtas an úsáid shochaíoch agus an luachshocraithe is mó agus is féidir maidir le sócmhainní intleachtúla a chruthaítear trí ghníomhaíochtaí T&N agus lena mbaineann gach gníomhaí éiceachórais, i gcomhréir le rialacha státchabhrach AE.
- Próisis agus cleachtais a neartú maidir le húsáid torthaí taighde agus eolas eolaíochta chun beartas poiblí a dhearadh agus a chur chun feidhme agus chun caighdeáin a fhorbairt agus a athbhreithniú.
- Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí luachshocraithe eolais, ina chuspóirí agus sna daoine a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí den sórt sin, mar shampla trí fhoirne taighde éagsúla agus ábhar T&N éagsúil, lena léirítear dearcthaí, iompar agus riachtanais grúpaí éagsúla sa tsochaí.

***Scileanna agus cumais***

- Forbairt na scileanna agus na gcumas a chur chun cinn a theastaíonn chun oibríochtaí luachshocruithe eolais a fhorbairt agus a chleachtadh, ina mbeidh na páirtithe leasmhara go léir idir mhic léinn, thaighdeoirí agus chumadóirí agus idirghabhálaithe gairmiúla, agus úsáideoirí teicneolaíochta agus lucht ceaptha beartas páirteach, agus tacú leis na scileanna agus na cumais sin.
- A áirithiú go mbeidh scéimeanna soghluaisteachta i bhfeidhm idir an lucht acadúil, an lucht tionscail agus an earnáil phoiblí chun forbairt scileanna agus tras-choipeadh inniúlachtaí agus cleachtas a éascú i measc gníomhaithe luachshocraithe eolais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE.
- A áirithiú go mbeidh eolas intuigthe na ndaoine a chruthaíonn na sócmhainní intleachtúla atá le luachshocrú ina chuid den phróiseas luachshocraithe. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé tábhachtach cuir chuige rannpháirtíochta a chur chun cinn a fhágann gur féidir tallanna, scileanna agus eolas intuigthe a chuimsiú sa nuálaíocht agus sa luachshocrú.
- Comhoibrithe ildisciplíneacha a spreagadh agus a éascú a théann níos faide ná réimsí teicneolaíochta agus a bhfuil baint acu le disciplíní amhail na heolaíochtaí sóisialta, na daonnachtaí agus na healaíona, chomh maith le cuir chuige um chomhchruthú.

***Córas dreasachtaí***

- Córas ábhartha agus cothrom dreasachtaí a fhorbairt agus a áirithiú go mbeidh na dreasachtaí sin i bhfeidhm do ghníomhaithe uile an éiceachórais T&N, go háirithe taighdeoirí, nuálaithe, mic léinn agus baill foirne ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde phoiblí, chun go mbeidh siad ábalta foghlaim faoi

luachshocrú eolais, é a chur i bhfeidhm agus é a chleachtadh agus chun tallanna a mhealladh agus a choinneáil.

- Bearta a chur ar fáil do FBManna, don tsochaí shibhialta, do shaoránaigh, d'úsáideoirí deiridh agus d'údaráis phoiblí le bheith ina gcomhpháirtithe gníomhacha maidir le nuálaíocht bhreisluacha a chomhchruthú, agus ar an tslí sin, rochtain ar eolas agus úsáid as eolas, agus gnóthú scileanna a fheabhsú, agus turgnamh comhpháirteach a spreagadh.

***Bainistíocht sócmhainní intleachtúla***

- A áirithiú go ndéanfar beartais agus cleachtais maidir le bainistiú sócmhainní intleachtúla a shainiú, a chur chun feidhme agus a phoibliú i ngach eagraíocht a bhfuil baint acu le luachshocrú eolais.
- Feasacht a mhúscáilt i measc ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, údaráis phoiblí agus gnólachtaí ar a thábhachtaí atá sé sócmhainní intleachtúla a bhainistiú i dtimpeallacht idirnáisiúnta.
- A áirithiú go ndéanfar sócmhainní intleachtúla arna bhforbairt ag gníomhaíochtaí T&N arna maoiniú go poiblí san Aontas Eorpach a bhainistiú agus a rialú ar bhealach ina ndéanfar an tairbhe shocheacnamaíoch, lena n-áirítear cur le hinbhuanaitheacht don Aontas Eorpach ina iomláine, a chur san áireamh agus a uasmhéadú.
- Feasacht agus glacadh um chleachtais agus uirlisí bainistíochta sócmhainní intleachtúla a mhéadú san Eolaíocht Oscailte chun úsáid torthaí agus sonraí don nuálaíocht a éascú.
- A áirithiú go ndéanfar sócmhainní intleachtúla a bhainistiú go héifeachtúil i bpróisis Nuálaíochta Oscailte e.g. trí chuidiú le punann ghníomhach a chruthú agus trí thacú le hardáin lena nasctar tairiscint agus éileamh maidir le sócmhainní intleachtúla chun cruthú luacha a uasmhéadú do gach duine lena mbaineann.

***Ábharthacht i scéimeanna um maoiniú poiblí***

- A áirithiú go gcuirfear san áireamh i maoiniú an rialtais i gcomhar T&N cur i bhfeidhm phrionsabail an luachshocraithe eolais sa taighde atá le maoiniú agus é a neartú.
- Breithniú a dhéanamh ar scéimeanna um maoiniú ar leith chun maoiniú taighde a chomhlánú lena áirithiú go spreagtar luachshocrú go luath i dtaighde le treoir maidir le deiseanna comhlántacha um maoiniú ar mhaithe le luachshocrú eolais.

***Piarfhoghlaim***

- Próisis agus cleachtais phiarfhoghlama náisiúnta agus trasnáisiúnta a chur chun cinn agus tacú leo chun comhroinnt dea-chleachtas, cás-staidéar, eiseamláirí, ceachtanna a foghlaimíodh a scaipeadh agus a spreagadh agus chun sonraíochtaí comhchoiteanna maidir le luachshocrú eolais a fhorbairt[50].

---

50 Tá stór samplaí de dhea-chleachtais ar fáil ar ardán luachshocraithe eolais an Choimisiúin Eorpaigh a bhíonn ar oscailt i gcónaí chun samplaí de dhea-chleachtas nua a chur isteach.

- Eagraíochtaí, éiceachórais agus ar tionscnaimh rathúla um luachshocrú eolais a thagarmharcáil chun comhchoincheapa, samhlacha agus dreasachtaí a fhorbairt agus a chur chun cinn chun feidhmiú mar threoir chun bainistiú agus próisis luachshocraithe eolais a mheasúnú agus a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, úsáid a bhaint as an saineolas, as na líonraí agus as na ceachtanna a foghlaimíodh ó eagraíochtaí ábhartha, amhail Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Oifig na bPaitinní Eorpacha, an Líonra Fiontar Eorpach, EIT agus a bPobail Eolais agus Nuálaíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, Eorpacha nó náisiúnta eile.
- Ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde phoiblí a spreagadh lena n-acmhainní, a saineolas, a sonraí agus a mbonneagar a chomhthiomsú ar fud disciplíní, tíortha agus réigiún chun níos mó cleachtais phiarfhoghlama a chur chun cinn.

***Méadrachtaí***

- A áirithiú go léireoidh agus go gcumhdóidh líon leordhóthanach táscairí maidir le luachshocrú eolais ionchuir, iompar agus aschuir an phróisis luachshocraithe, lena n-áirítear réimse iomlán na mbealaí agus na gcosán maidir le heolas a luachshocrú. A áirthiú go n-úsáidfear méadrachtaí cainníochtúla agus cáilíochtúla ábhartha chun na táscairí a shainiú.
- Iarrachtaí comhoibríocha a chur chun cinn chun sainmhínithe, meadarachtaí agus táscairí coiteanna comhaontaithe a ghlacadh chun cuidiú le feidhmíocht luachshocrú eolais AE a fheabhsú, agus na difríochtaí comhthéacsúla i measc na mBallstát agus gníomhaithe luachshocraithe eolais agus sainiúlachtaí earnálacha éagsúla á gcur san áireamh.
- Eagraíochtaí a fheidhmíonn luachshocrú eolais a spreagadh, tacú leo agus iad a dhreasú chun méadrachtaí a bhailiú, a chomhroinnt agus a úsáid lena gcuirfear feabhas ar fhoghlaim agus ar fheidhmíocht gníomhaithe luachshocraithe eolais san Aontas Eorpach.

***Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh***

- A áirithiú go mbeidh na cleachtais faireacháin agus mheastóireachta a úsáidtear chun oibríochtaí luachshocraithe eolais a mheasúnú agus a mheas ina gcleachtais leathana, agus creataí atá ann cheana a chur san áireamh agus gach cineál tairbhe do pháirtithe leasmhara éagsúla agus do thorthaí éagsúla luachshocraithe eolais a mheas, lena n-áirítear an rannchuidiú leis an inbhuanaitheacht.
- Uirlisí faireacháin agus meastóireachta ar luachshocrú eolais a fhorbairt tuilleadh chun dul chun cinn agus aibíocht sócmhainní intleachtúla agus iarrachtaí nuálaíochta le linn an phróisis luachshocraithe eolais a thomhas. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis na huirlisí sin ar luach a chruthú agus ar an méid a chuireann sé leis an aistriú i dtreo sochaí inbhuanaithe. Nuair a bheidh sé forbartha, úsáid na samhla sin a chur chun cinn agus sineirgí le gníomhartha beartais ábhartha eile LET a fhorbairt.

Aisghairtear leis seo an Moladh ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2008 maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais agus maidir leis an gCód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí taighde phoiblí eile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*